



Ciorclán 0035/2019

**Chuig: Údaráis Bainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna,
Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus
Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin Coistí Gairmoideachais**

**Athruithe ar an Scéim Sosa Gairme do Chúntóirí Riachtanas
Speisialta i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna Aitheanta –
Fostaíocht ar Shos Gairme**

Tugann an tAire Oideachais agus Scileanna ordú duit na rialacháin agus na nósanna imeachta maidir le sosanna gairme a fheidhmiú maidir le cúntóirí riachtanas speisialta (CRS) a mbíonn a bpoist maoinithe ag airgead arna sholáthar ag an Oireachtas.

Gabhann an ciorclán seo in ionad na rialacháin agus socruithe uile roimhe seo maidir le fostaíocht ar shos gairme do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna aitheanta.

Tá na rialacháin agus na nósanna le feidhmiú le héifeacht láithreach agus ní mór do gach Cúntóir Riachtanas Speisialta cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

Cinntigh le do thoil go ndéantar cóipeanna den chiorclán seo a chur ar fáil do chomhaltaí ar fad an Bhoird Bhainistíochta / an Choiste Gairmoideachais agus go dtugtar an t-ábhar atá ann ar aird gach Cúntóir Riachtanas Speisialta atá fostaithe agat lena n-áirítear iadsan atá ar chead neamhláithreachta.

Is féidir teacht ar an gclár seo ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie Home-Education Staff-Services-Breaks/Leave-Career Break.

Alfie Barrett
Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/Cúntóirí
Riachtanas Speisialta
24 Meitheamh, 2019

Padraig Maloney
An Rannóg Párolla

Sainmhínte

Chun críocha an Chiorcláin seo tá na bríonna a shanntar dóibh anseo ag na téarmaí seo a leanas mura léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

Fostóir - ciallaíonn sin Bord Bainistíochta/Bainisteoir/BOO. Féadfaidh an Bord Bainistíochta/Bainisteoir/BOO an fhreagracht do nithe atá leagtha amach sa chiorclán seo a tharmligean de réir mar is cuí.

BOO – ciallaíonn sin an Bord Oideachais agus Oiliúna

Coinníoll don Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta – ciallaíonn sé seo tréimhse de chleachtas faoi mhaoirseacht, atá ag teacht le riachtanais na Comhairle Múinteoireachta maidir le nósanna imeachta atá leagtha amach le múinteoir a ionduchtú i ngairm na múinteoireachta agus na nósanna imeachta agus critéir atá leagtha amach do phromhadh múinteoirí lena n-áirítear tréimhsí promhaidh. Ní airítear taithe oibre múinteoirí anseo agus baineann sé le cleachtas iarcháilíochta chuí amháin.

Scoil Aitheanta – ciallaíonn sé scoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais agus Scileanna de réir Alt 10 den Acht Oideachais 1998.

An Scoilbhliain – mar a mhínítear ag an Aire Oideachais agus Scileanna ó am go ham dar tús faoi láthair ó 1 Meán Fómhair agus dar críoch 31 Lúnasa.

Múinteoir - duine atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

An Roinn - ciallaíonn sin An Roinn Oideachais agus Scileanna.

1. Intreoir

- 1.1 Is é cuspóir an Chiorcláin seo ná comhairle a thabhairt d'fhostóirí agus CRSanna ar athruithe ar Chiorclán 22/2012 dar teideal "*Scéim Sosa Gairme do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna Aitheanta*" maidir le fostaíocht ar Shos Gairme.

2. Fostaíocht ar Shos Gairme

- 2.1 Tá an teideal athraithe ar Alt 7 de Chiorclán 22/2012 ó "*Ag obair fad is atáthar ar Shos Gairme*" go dtí "*Fostaíocht fad is atáthar ar Shos Gairme*" agus athraítear an t-ábhar mar seo a leanas:-

7.1 Ceadáítear do CRS atá ar Shos Gairme:-

- (a) Taithí oibre a dhéanamh i scoil aitheanta agus iad i mbun cláir oideachais tosaigh mhúinteoirí.*
- (b) A bheith fostaithe mar mhúinteoir i scoil aitheanta nuair atá clárúchán cuí déanta leis an gComhairle Múinteoireachta ach ag brath ar choinníollacha don Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta a chomhlíonadh. Leis na coinníollacha don chleachtadh gairmiúil a chomhlíomhadh, tá cead ag an CRS a bheith ag teagasc sna cásanna teoranta sin.*
- (c) A bheith fostaithe mar CRS ionaid i scoil aitheanta, faoin teorainn 90 lá sa scoilbhliain. Ba chóir tús áite a thabhairt do CRS atá ar fáil don fhostaíocht, sula smaoinítear ar SNA ar Shos Gairme d'obair ionadaíochta.*
- (d) A bheith fostaithe san earnáil phríobháideach.*
- (e) A bheith féinfhostaithe.*

- 7.2 *Tabhair do d'aire nach gceadaítear fostaíocht san earnáil phoiblí i gcoitinne i gcásanna eile nach sonraítear in alt 7.1 (b) agus 7.1 (c) thuas nuair atáthar ar Shos Gairme.*